

COMHAIRLE CATHRACH CHORCAÍ
CORK CITY COUNCIL



An Stiúirthóireacht Bóithre agus Iompair – An Rannóg Iompair

Teil: 021-4924420, Facs: 021-4924024

**FOIRM MCH IARRATAS AR CHEADÚNAS CHUN CRAEIN SOGHLUAISTE/
ARDAITHEOIR A CHUR AR BHÓTHAR/CHOSÁN POIBLÍ**

Iarratas maidir le: Craein soghluaiste Ardaitheoir
Iarratasóir: _____ Tag. an Iarratasóra: _____
Seoladh an Iarratasóra: _____

Uimh. Theileafóin Teagmhála: _____ Uimh. Facs: _____ Ríomhphost: _____

Duine Teagmhála Sainithe: _____ Uimh. Fhóin Phóca _____ Uimh. Theileafóin san Oíche _____

Murab é an tIarratasóir Úinéir na Craeina Soghluaiste/an Ardaitheora/Fhearais, déan an méid seo a leanas a chomhlánú: -

Ainm an Úinéara: _____

Seoladh an Úinéara: _____

Uimh. Theileafóin: _____ Uimh. Facs: _____ Uimh. Fhóin Phóca: _____

Láthair bheacht na n-oibreacha atá molta: _____

Cuspóir na nOibreacha: _____

Ollmheáchan na Craeina Soghluaiste/an Ardaitheora _____ An Limistéar Beartaithe atá Riachtanach _____ m2

Cur síos ar an gCraein Soghluaiste/Ardaitheoir _____

Léirigh má bhaineann an méid seo a leanas leis an iarratas seo:

Síneadh ama do Cheadúnas roimhe seo: Baineann Ní bhaineann Má Bhaineann, cuir isteach Bunuimhir an Cheadúnais _____

An mbeidh Crosaire Droichid riachtanach: Beidh Ní bheidh Má bhíonn, déan Foirm R1 a chomhlánú.

An mbeidh éifeacht ar Bhánna Páirceála Dioscaí: Beidh Ní bheidh Má bhíonn, cé mhéad? _____

An gcuirfear an Chraein/an tArdaitheoir ar Lána Bus/ar Bhealach Glas: Cuirfear Ní chuirfear Féach Coinníoll 13

An gcuirfear an Chraein/ an tArdaitheoir i mBá Lódála: Cuirfear Ní chuirfear

An mbeidh éifeacht ar Lánáí Tráchtá: (Isteach) _____ (Amach) _____ Beidh Ní bheidh Má bhíonn, cé mhéad? _____

An gcuirfear ardaitheoir ar chosán: Cuirfear Ní chuirfear Má chuirfear féach Coinníoll

10. Má chuirfear, ní foláir nó go léireofar an méid seo a leanas sa Líníocht méid, leagan amach, comharthaíocht, ráilí cosanta srl den chosán timpeall na n-oibreacha.

An gcuirfear an Chraein/an tArdaitheoir i Limistéar Corrthrádála: Cuirfear Ní chuirfear

An bhfuil Grianghraif Réamhthógála ceangailte: Tá Níl Féach Coinníoll 9

An dtabharfar fógra do na cónaitheoirí/do na haonaid ghnó go léir a mbeidh éifeacht orthu: Tabharfar Ní tabharfar Féach Coinníoll 15

An tréimhse beartaithe a mbeidh an Chraein Soghluaiste/an tArdaitheoir in airde: Dátaí: Ó _____ Go _____ Uaireanta: Ó _____ Go _____

NÍ FOLÁIR NÓ GO MBEIDH AN MÉID SEO A LEANAS SAN ÁIREAMH LEIS AN IARRATAS:

- (i) Ráiteas maidir le Modh Oibre/Plean Bainistíochta Tráchtá. (Féach Nóta 2)
- (ii) Plean Bainistíochta do Choisithe (Féach Nóta 3)
- (iii) Cóip d'Fhormhuiniú an Pholasaí Árachais. (Féach Nóta 4)
- (iv) Táille Iarratais/ Éarlais/ Muirear Páirceála más infheidhme. (Féach Nóta 5)
- (v) Léaráid den Phlean ar a bhfuil Toisí (Féach Nóta 6)
- (vi) Grianghraif Réamhthógála (Féach Coinníoll 9)

Déanaim iarratas leis seo ar cheadúnas chun Craein Soghluaiste/Ardaitheoir a chur ar an mbóthar poiblí ag an láthair atá sonraithe thuas. Aontaím a bheith faoi cheangal ag na coinníollacha ginearálta faoi mar atá sonraithe mar aon le haon choinníollacha sonracha sa bhreis arna bhforchur ag Comhairle Cathrach Chorcaí agus forálacha an Ráitis maidir le Modhanna Oibre/ an Phlean Bainistíochta Tráchtá / an Phlean Bainistíochta do Choisithe atá comhaontaithe a chomhlíonadh. Beidh mé faoi dhliteanas go haonarach agus déanfaidh mé Comhairle Cathrach Chorcaí a shlánú ó gach éileamh agus i gcoinne gach éilimh maidir le gortú nó díobháil do dhaoine nó do mhaoin a d'fhéadfadh tarlú de bharr an iarratais seo agus/nó a d'fhéadfadh tarlú de dheasca gníomhaíochtaí a bhaineann nó a eascraíonn as nó i gcoinne gach gníomh nó imeacht is féidir a thabhairt in aghaidh Chomhairle Cathrach Chorcaí mar gheall ar an ngortú nó ar an díobháil sin agus i gcoinne gach costas agus dliteanas lena mbaineann.

Teagmhálaí Saincheaptha/ Comhordaitheoir Sábháilteachta agus Sláinte ar an láithreán:

Uimh. Fhóin Phóca: _____ Uimh. Theileafóin san Oíche _____

(BLOCLITREACHA)

Dáta : _____ Síniú: _____

AINM: (BLOCLITREACHA) _____

Déanfar Ceadúnas Craenach/Ardaitheora Soghluaiste a eisiúint faoi réir na gCoinníollacha Ginearálta seo a leanas.

- 1 Níl an Ceadúnas inaistrithe.
- 2 Ní dhéanfar aon obair ar Chraein Soghluaiste/ Ardaitheoir a chur in airde go dtí go n-eiseoidh Comhairle Cathrach Chorcaí Ceadúnas.
- 3 Ní foláir nó go mbeidh an Ceadúnas ar fáil ar an láthair lena iniúchadh ag ball den Gharda Síochána nó ag oifigeach de Chomhairle Cathrach Chorcaí.
- 4 Déanfar an Chraein Soghluaiste/an tArdaitheoir a chur in airde ar shlí a chinnteoidh nach gcruthófar guais don phobal is cuma cad iad na dálaí oibre agus comhshaoil is dócha a bheidh ann.
- 5 Ní foláir nó go mbeidh an Chraein Soghluaiste/an tArdaitheoir soilsithe go cuí i rith uaireanta an dorchadais, ní foláir nó go mbeidh sé sábháilte agus slán agus go nglacfar le gach réamhchúram chun bac a chur ar rochtain neamhúdaraíthe.
- 6 Ní foláir nó go mbeidh hiodraint dóiteáin infheicthe agus fáil orthu.
- 7 Ní féidir cur isteach ar shoilsiú poiblí/chomharthaí tráchta/chrainn gan cead a fháil ó Chomhairle Cathrach Chorcaí.
- 8 Ní dhéanfar ábhar ar bith a thaisceadh nó a stóráil ar an mbóthar poiblí.
- 9 Sula ndéanfar oibreacha a thosú, beidh sraith grianghraf daite (5x7 ar a laghad) ag teastáil ar láthair na Craenach Soghluaiste/ an Ardaitheora agus caithfear í a chur isteach mar chuid den iarratas. Déanfar sraith grianghraf a ghlacadh ag baint úsáide as ceamara 35mm agus cuirfear na priontaí ar fáil in albaim atá catalógaithe agus crostagartha. Má theiptear fianaise fhótagrafach dá leithéid a chur ar fáil roimh ré beidh sé ina dhearbhuí do Chomhairle Cathrach Chorcaí go bhfuil gach limistéar faoina cúram, a mbeidh éifeacht ag na hoibreacha orthu nó atá cóngarach dóibh, i riocht foirfe.
- 10 Agus an obair lena mbaineann an ceadúnas seo á déanamh, déanfaidh an ceadúnaí gach iarracht réasúnta gan bac a chur ar choisithe ná ar thrácht feithiclí. Ní mór foráil a dhéanamh do choisithe a chuirtear ar mhalairt slí, agus daoine a bhfuil lagú gluaiseachta nó amhairc acu a thabhairt san áireamh go háirithe. Ní dhéanfar an pobal a choinneáil amach ó aon chuid den chosán go dtí go ndéantar ardán, lámhráille srl a chur ar fáil chun sástacht Chomhairle Cathrach Chorcaí.
- 11 Sa chás gur gá craein a chur ar bhóthar ní mór na bearta seo a leanas a ghlacadh:
 - a) mura mbeidh na hoibreacha ag dul ar aghaidh níos faide ná 24 uair an chloig, ní mór 2 threoraithe tráchta a chur ar fáil d'fhonn coisithe a threorú go sábháilte ar feadh an chosáin
 - b) má bhíonn na hoibreacha ag dul ar aghaidh níos faide ná 24 uair an chloig, ní mór fálú a chur thart timpeall ar an limistéar, agus foráil a dhéanamh do chonair sábháilte coisithe
- 12 Ní mór 2 Chomhartha Aitheantais ar a laghad a thaispeáint i ngach tráth. Ní mór iad seo a shuí i slí go mbeidh siad infheicthe go soiléir don trácht agus do choisithe atá ag teacht chucu ó cheachtar den dá threo. D'fhéadfadh na comharthaí seo a bheith ina saorsheasamh nó feistithe ar bhacainní sábháilteachta agus ní mór iad a choinneáil glan i ngach tráth. Ní foláir nó go ndéanfar ainm an Fhóntais / na Cuideachta, uimhir theileafóin an Fhóntais / na cuideachta agus ainm agus uimhir theileafóin an chonraitheora, más infheidhme, a léiriú ar gach comhartha. Ní foláir nó go mbeidh na comharthaí seo i gcomhréir le Cuid 13.2 de "The Directions for the Control and Management of Roadworks in Cork City".
- 13 Ní bhronnfar cead chun Craein Soghluaiste/Ardaitheoir a chur ar Ghlanbhealaí nó ar Lánaí Bus/Bhealaí Glasa le linn a n-uaireanta oibriúcháin. Ní bhronnfar cead ag am ar bith Craein Soghluaiste a chur ar chosán. Ceadófar ardaitheoirí de chineál agus de mheáchan sainithe ar chosáin (féach Cuid X de *The Directions for the Control of Roadworks in Cork City*).
- 14 Sa chás gur gá seaic a chur ar bhóthar poiblí, ní mór cosa idirmhata/ gléasanna cosanta faofa a úsáid.
- 15 Ní mór don iarratasóir fógra i scríbhinn maidir leis na hoibreacha atá beartaithe agus an tréimhse lena mbainfidh a chur chuig gach gnó agus maoin chónaitheach ar dócha go mbeidh éifeacht ag na hoibreacha orthu dhá lá ar a

laghad roimh thionscnamh na n-oibreacha bóthair. Cuimseofar san fhógra uimhir theileafóin teagmhála an iarratasóra agus uimhir theileafóin teagmhála ionadaí an chonraitheora ar féidir teagmháil a dhéanamh leis má bhíonn ceist ar bith ag cónaitheoirí maidir leis na hoibreacha nó má bhíonn fadhb ann, faoi mar atá leagtha amach in Aguisín XV.

- 16 Coimeádann Comhairle Cathrach Chorcaí an ceart iallach a chur ar an iarratasóir comhaontú Éarlaise a dhéanamh sula ndéanfar na hoibreacha a thionscnamh. Beidh méid na héarlaise bunaithe ar an gcostas measta a bhaineann leis an limistéar cuimsithe a chur chun feidhme in athuair ar bhonn buan de réir Aguisín VIII de “The Directions for the Control and Management of Roadworks in Cork City”.
- 17 Ar thabhairt chun críche na n-oibreacha, beidh an bóthar athchóirithe, agus beidh aon díobháil curtha ina cheart chun sástacht Chomhairle Cathrach Chorcaí. I gcás mainneachtana, féadfaidh Comhairle Cathrach Chorcaí oibreacha ar bith atá riachtanach a dhéanamh agus an costas a bhaineann leo a fháil ar ais ón Iarratasóir/Éarlais.
- 18 D’fhéadfadh Comhairle Cathrach Chorcaí an ceadúnas a aistarraingt má sháraítear aon cheann de na coinníollacha atá cuimsithe anseo. Cuirfear fógra aistarraingthe chuig an Iarratasóir. Sa chás sin, déanfaidh an tIarratasóir an Chraein Soghluaiste/an tArdaitheoir a bhaint go hiomlán ón áit laistigh den am atá sonraithe san fhógra, ar a chostas féin. Má dhéantar mainneachtain i mbaint iomlán dá leithéid, beidh Comhairle Cathrach Chorcaí i dteideal an Chraein Soghluaiste/an tArdaitheoir a bhaint ar chostas an Iarratasóra.
- 19 Sa chás go ndéanfaidh Comhairle Cathrach Chorcaí ceadúnas ar Chraein Soghluaiste/Ardaitheoir a aistarraingt ag am ar bith; ní bheidh an t-iarratasóir i dteideal táille ar bith a íocadh ar cheadúnas dá leithéid, ná costais, ná damáistí ná cúiteamh ar bith a fháil ar ais ó Chomhairle Cathrach Chorcaí.
- 20 Ní mór oibreacha a chur ar fionraí láithreach agus gach gléasra a bhaint ón láthair ar threoir ón nGarda Síochána nó ó fhostaí údaraithe Chomhairle Cathrach Chorcaí. Ní mór soláthar slán a choinneáil i gcónaí maidir le sreabhadh coisithe agus tráchta.
- 21 Is faoin Iarratasóir atá sé íoc as gach costas a ghabhann leis an gCeadúnas.
- 22 Sa chás go gcuireann Craein Soghluaiste/Ardaitheoir isteach go mór ar bhóthar poiblí nó go bhfuil an baol ann go ndéanfar sreabhadh tráchta a shrianadh, tharlódh go n-iarrfaí ar an Iarratasóir freastal ar “Chruinniú Rialaithe Tráchta” sular féidir aon dul chun cinn a dhéanamh i leith an iarratais.
- 23 Ní mór don Iarratasóir fianaise a chur ar fáil de chumhdach Árachas Fostóra agus Dlíteanais Phoiblí le haghaidh teorainneacha nach lú ná €13 milliún agus €6.5 milliún faoi seach maidir le dlíteanas dlí i gcás gortaithe coirp nó éilimh tríú páirtí mar gheall ar dhíobháil maoinne a tharlódh de dhroim na ngníomhaíochtaí, atá mar ábhar an iarratais seo, i leith thréimhse an cheadúnais. Ní mór na polasaithe a shíneadh chun Comhairle Cathrach Chorcaí a shlánú. Coimeádann Comhairle Cathrach Chorcaí an ceart athbhreithniú a dhéanamh ar an teorainn slánaithe seo maidir le leordhóthanacht. Déanfar an polasaí árachais a chur isteach lena iniúchadh sula ndéanfar an Ceadúnas a eisiúint. Iarrtar ar an gceadúnaí polasaí bailí a choinneáil ar feadh thréimhse an cheadúnais.
- 24 Ní féidir an Chraein/ an tArdaitheoir/ an Fearas a fhágáil gan duine ina fheighil.
- 25 Tá amanna seachadta agus bailithe srianta do thréimhsí roimh buaic-amanna tráchta nó ina dhiaidh sin.
- 26 Níor cheart Craein/ Ardaitheoir/ Fearas a pháirceáil i Lár na Cathrach thar oíche.

Nóta 1: Ní mór iarratas ar cheadúnas a chur isteach 14 lá ar a laghad roimh thionscnamh beartaithe na n-oibreacha.

Nóta 2: Ráiteas maidir le Modh Oibre / Plean Bainistíochta Tráchta

Sa chás go moltar Craein Soghluaiste/Ardaitheoir a chur ar bhóthar nó gar dó; ní mór Ráiteas maidir le Modh Oibre / Plean Bainistíochta Tráchta, lena n-áireofar an méid seo a leanas, a chur isteach:

- Socruithe le haghaidh seachadtaí chuig an láithreán, lena n-áireofar sriantaí ar am an lae, socruithe maidir le scuainí feithiclí srl.
- Socruithe molta chun tionchar íosta ar shreabhadh tráchta a áirithiú.
- Foráil a dhéanamh chun ábhair, innealra srl a stóráil

Nóta 3: Plean Bainistíochta do Choisithe

Sa chás go moltar Craein Soghluaiste/Ardaitheoir ar chur ar bhóthar; ní mór Plean Bainistíochta do Choisithe, lena n-áireofar an méid seo a leanas, a chur isteach:

- Socruithe maidir le Malairtí Slí do Choisithe lena n-áireofar cosáin shealadacha, rampaí, comharthaíocht, fálú srl.

Nóta 4: Ceanglais maidir le hÁrachas

Ní mór don Cheadúnaí fianaise a chur ar fáil maidir le cumhdach Árachas Fostóra agus Dlíteanais Phoiblí le haghaidh teorainneacha nach lú ná €13 milliún agus €6.5 milliún faoi seach maidir le dlíteanas dlí i gcás gortaithe coirp nó éilimh tríú páirtí mar gheall ar dhíobháil maoinne a tharlódh de dhroim na ngníomhaíochtaí, atá mar ábhar an iarratais seo, i leith thréimhse an cheadúnais. Ní mór na polasaithe a shíneadh chun Comhairle Cathrach Chorcaí a shlánú. Coimeádann Comhairle Cathrach Chorcaí an ceart athbhreithniú a dhéanamh ar an teorainn slánaithe seo maidir le leordhóthanacht. Déanfar an polasaí árachais a chur isteach

lena iniúchadh sula ndéanfar an Ceadúnas a eisiúint. Iarrtar ar an gceadúnaí polasaí bailí a choinneáil ar feadh thréimhse an cheadúnais.

Nóta 5: Táillí

Ní foláir nó go mbeidh Táille Iarratais € 110 ag gabháil le gach iarratas agus ní íocfar é seo ar ais.

Éarlais In-aisíoctha Craein €2,000 (Bóthar) nó €3,000 (Limistéar Bóthair Feabhsaithe)
Ardaitheoir €1,000 (Cosán) nó €2,000 (Bóthar) nó €3,000 (Limistéar Bóthair Feabhsaithe)

Muirir Pháirceála
1 Spás Páirceála Dioscaí a chur ar fionraí € 18.00/lá nó cuid de (Crios Páirceála 1 Uair)
€ 9.00/lá nó cuid de (Crios Páirceála 2 Uair)

Nóta 6: Léaráid den Phlean ar a bhfuil Toisí

Plean mionsonraithe ina léireofar láthair bheacht na Craenach Soghluaiste/an Ardaitheora agus más infheidhme méid agus leagan amach an chosáin coisithe shealadaigh, lena n-áireofar rampaí, comharthaíocht, ráillí cosanta agus treoraithe tráchtá.

Úsáid oifigiúil amháin

Táille Iarratais:	€ 110	Éarlais	€
Uimhir na hAdmhála:		Uimhir na hAdmhála	
Uimhir na hIarmhairte		Muirear Páirceála:	€
Moratóirí Oibreacha Bóthair:		Uimhir na hAdmhála:	
Uimhir Thag. an Iarratais:	MCH / / '0	Dáta Eisiúna an Cheadúnais:	

LÉARÁID DEN PHLEAN AR A BHFUIL TOISÍ

